Aguisín 5:

Feithiclí ionadaíochta le haghaidh an tástáil tiomána

Catagóir fheithicle na tástála tiomána	Feithicil Ionadaíochta más cláraithe roimh 01/01/2004	Feithicil Ionadaíochta más cláraithe ar nó tar éis 1/1/2004
Catagóir A	Gluaisrothar (gan carr cliathánach) le toilleadh innill níos mó ná 125cc., agus cumasach chun luais 100Km/h ar a laghad.	Gluaisrothar (gan carr cliathánach) le toilleadh innill níos mó ná 125cc., agus cumasach chun luais 100Km/h ar a laghad.
Catagóir A1	Gluaisrothar (gan carr cliathánach) le toilleadh innill nach dtéann thar 125cc. **Ní foláir** don mheaisín (a) toilleadh innill níos mó ná 50cc. nó (b) uasluas dearaidh de níos mó ná 45 Km/h a bheith aige.	Gluaisrothair gan carr cliathánach nach dtéann thar 125cc. **Ní foláir** don mheaisín (a) toilleadh innill de níos mó ná 50 cc. nó (b) uasluas dearaidh de níos mó ná 45Km/h a bheith aige.
Catagóir M	Feithicil inneallghluaiste dhá rothach, nach bhfuil cumasach le haghaidh tiomáint láimhe. **Ní foláir** don mheaisín toilleadh nach dtéann thar 50cc, agus uasluas dearaidh nach dtéann thar 45 Km/h a bheith aige.	Feithicil inneallghluaiste dhá rothach, nach bhfuil cumasach le haghaidh tiomáint láimhe. **Ní foláir** don mheaisín toilleadh innill nach dtéann thar 50cc. a bheith aige agus uasluas dearaidh nach dtéann thar 45km/h.
Catagóir B	Feithiclí ceithre rothach (m.sh. gluaisteáin/veaineanna éadroma) le hollmheáchan feithicle nach dtéann thar 3,500kg, le cóiríocht paisinéara le haghaidh suas le 8 nduine, agus cumasach chun luais de 10km/h ar a laghad.	Feithiclí ceithre rothach (gluaisteáin/veaineanna éadroma) le cóiríocht paisinéara le haghaidh suas le 8 nduine, ollmheáchan ceaptha feithicle nach dtéann thar 3,500kg. Cumasach chun luais de 100km/h ar a laghad.

Catagóir fheithicle na tástála tiomána	Feithicil Ionadaíochta más cláraithe roimh 01/01/2004	Feithicil Ionadaíochta más cláraithe ar nó tar éis 1/1/2004
Catagóir C	Feithiclí (trucailí) le cóiríocht paisinéara le haghaidh suas le 8 nduine, ag a bhfuil ollmheáchan feithicle de ar a laghad 10,000 kg., fad 7 méadar ar a laghad, agus cumasach chun luais de 80km/h ar a laghad.	Feithiclí (trucailí dochta/veaineanna móra) cóiríocht paisinéara le haghaidh suas le 8 nduine, ollmheáchan feithicle de 12,000 kg. ar a laghad, fad 8 méadar ar a laghad agus leithead 2.4 méadar ar a laghad, cumasach chun luais de 80km/h. **Ní foláir** don fheithicil a bheith feistithe le coscáin frithghlasála, a bheith feistithe le giarbhosca ina bhfuil ar a laghad 8 gcóimheas tosaigh agus trealamh taifeadta (tacagraf). Cuimseoidh urrann an lastais creatlach bosca dúnta, atá ar a laghad chomh leathan agus chomh hard leis an gcábán.
Catagóir C1	Feithiclí, (m.sh. veaineanna níos mó/trucailí éadroma) le cóiríocht paisinéara le haghaidh suas le 8 nduine, le hollmheáchan feithicle de 4000 kg. ar a laghad, ach nach dtéann thar 7,500 kg., agus cumasach chun luais de 80km/h ar a laghad.	Feithiclí, (m.sh. veaineanna níos mó/trucailí éadroma) le cóiríocht paisinéara le haghaidh suas le 8 nduine, le hollmheáchan feithicle de 4000 kg. ar a laghad, ach nach dtéann thar 7,500 kg., fad 5 mhéadar ar a laghad, agus cumasach chun luais de 80km/h ar a laghad. Beidh an fheithicil feistithe le coscáin frithghlasála, agus le trealamh taifeadta (tacagraf). Cuimseoidh urrann an lastais creatlach bosca dúnta, atá ar a laghad chomh leathan agus chomh hard leis an gcábán.
Catagóir D	Feithiclí (busanna) le cóiríocht paisinéara le haghaidh breis agus 16 duine atá ar a laghad 9 méadar ar fhaid agus cumasach chun luais de 80 km/h ar a laghad.	Feithiclí (busanna) le cóiríocht paisinéara le haghaidh breis agus 16 duine, fad 10 méadar ar a laghad, leithead 2.4 méadar ar a laghad agus cumasach chun luais de 80Km/h ar a laghad. Beidh an fheithicil feistithe le coscáin frithghlasála, agus trealamh taifeadta (tacagraf).

Catagóir fheithicle na tástála tiomána	Feithicil Ionadaíochta más cláraithe roimh 01/01/2004	Feithicil Ionadaíochta más cláraithe ar nó tar éis 1/1/2004
Catagóir D1	Feithiclí (mionbhusanna) le cóiríocht paisinéara le haghaidh breis agus 8 nduine, ach gan dul thar 16 duine, agus cumasach chun luais de 80km/h ar a laghad.	Feithiclí (mionbhusanna) le cóiríocht paisinéara le haghaidh breis agus 8 nduine ach gan dul thar 16 duine, ollmheáchan feithicle de 4,000 kg. ar a laghad, fad 5 mhéadar ar a laghad, agus cumasach chun luais de 80km/h ar a laghad. Beidh an fheithicil feistithe le coscáin frithghlasála, agus le trealamh taifeadta (tacagraf).
Catagóir EB	Meascán, déanta suas d'fheithicil tástála Catagóire B le leantóir, cumasach chun luais de 100Km/h ar a laghad gur chóir a bheith mar (a) leantóir agus feithicil faoi thiomaint ceithre roth, nó feithicil 4.25 méadar ar a laghad, agus leantóir, nach dtiteann laistigh de Chatagóir B. Beidh ollmheáchan feithicle de 1,400 kg. ar a laghad ag an leantóir, agus toisí inmheánacha de 2.4 méadar faoi 1.2 méadar ar a laghad.	Meascáin, déanta suas d'fheithicil tástála Catagóire B gur chóir a bheith (a) d'fhad 4.25 méadar ar a laghad, nó (b) mar fheithicil faoi thiomáint ceithre roth, agus leantóir le hollmheáchan feithicle de 1,400 kg ar a laghad, cumasach chun luais de 100km/h, nach dtiteann laistigh de Chatagóir B. Cuimseoidh urrann lastais an leantóra creatlach bosca dúnta atá ar a laghad chomh leathan agus chomh hard leis an mótarfheithicil, agus le fad 2.4 méadar ar a laghad. (D'fhéadfadh an creatlach bosca dúnta a bheith beagán níos cúinge ná an mótarfheithicil, ar choinníoll nach féidir radharc don chúl a fháil ach amháin trí scáthán cúlfhéachana an mhótarfheithicil a úsáid).

Catagóir fheithicle na tástála tiomána	Feithicil Ionadaíochta más cláraithe roimh 01/01/2004	Feithicil Ionadaíochta más cláraithe ar nó tar éis 1/1/2004
Catagóir EC	Feithicil altach le ar a laghad 4 acastóir, le hollmheáchan feithicle comhcheangailte de 18,000 kg ar a laghad, fad iomlán 12 méadar ar a laghad, agus cumasach chun luais de 80km/h ar a laghad.	Ceann de (a) agus feithicil altach, nó (b) *meascán d'fheithicil tástála Catagóire C agus leantóir 7.5 méadar ar a laghad. **Ní foláir** don feithicil altach agus an meascán araon cóiríocht paisinéara a bheith acu le haghaidh suas le 8 nduine, ar a laghad 4 acastóir, ollmheáchan feithicle de 20,000 kg ar a laghad, fad 14 méadar ar a laghad, leithead 2.4 méadar ar a laghad agus cumasach chun luais de 80km/h ar a laghad. Beidh an fheithicil feistithe le coscáin frithghlasála, le giarbhosca ina bhfuil 8 gcóimheas tosaigh ar a laghad, agus trealamh taifeadta (tacagraf). Cuimseoidh urrann an lastais creatlach bosca dúnta, atá ar a laghad chomh leathan agus chomh hard leis an gcábán.
Catagóir EC1	Meascán déanta suas d'fheithicil tástála Catagóire C1 le leantóir, cumasach chun luais de 80km/h ar a laghad, agus le fad iomlán 8 méadar ar a laghad. Beidh ollmheáchan feithicle de 2,000 kg. ar a laghad, agus toisí inmheánacha de 2.4 faoi 1.2 méadar ag an leantóir a úsáidtear.	Meascán déanta suas d'fheithicil tástála Catagóire C1, agus leantóir le hollmheáchan feithicle de 2,000 kg. ar a laghad, beidh an meascán 8 méadar i bhfad ar a laghad, beidh cumasach chun luais de 80 Km/h ar a laghad. Beidh ollmheáchan feithicle nach dtéann thar 12,000kg. ag an meascán., agus **ní féidir** le hollmheáchan feithicle an leantóra a bheith níos mó ná meáchan neamhualaithe na feithicle tarraingthe. Cuimseoidh urrann lastais an leantóra creatlach bosca dúnta atá ar a laghad chomh leathan agus chomh hard leis an gcábán, agus le fad 2.4 méadar. (D'fhéadfadh an creatlach bosca dúnta a bheith beagán níos cúinge ná an gcábán, ar choinníoll nach féidir radharc don chúl a fháil ach amháin trí scátháin cúlfhéachana an mhótarfheithicil a úsáid.)

Catagóir fheithicle na tástála tiomána	Feithicil Ionadaíochta más cláraithe roimh 01/01/2004	Feithicil Ionadaíochta más cláraithe ar nó tar éis 1/1/2004
Catagóir ED	Meascán déanta suas d'fheithicil tástála Catagóire D, agus leantóir le hollmheáchan feithicle de 1,400 kg. ar a laghad, cumasach chun luais de 80km/h ar a laghad. Beidh toisí inmheánacha de 2.4m faoi 1.2m ar a laghad ag an leantóir a úsáidtear.	Meascán déanta suas d'fheithicil tástála Catagóire D, agus leantóir le hollmheáchan feithicle de 1,400 kg ar a laghad, cumasach chun luais de 80 Km/h ar a laghad, cuimseoidh urrann lastais an leantóra creatlach bosca dúnta atá ar a laghad 2 mhéadar ar leithead, 2 mhéadar in airde, agus le fad 2.4 méadar.
Catagóir ED1	Meascán déanta suas d'fheithicil tástála Catagóire D1 le leantóir, cumasach chun luais de 80 km/h ar a laghad. Beidh ollmheáchan feithicle de 1,400 kg ar a laghad agus toisí inmheánacha de 2.4 méadar faoi 1.2 méadar ag an leantóir a úsáidtear	Meascán déanta suas d'fheithicil tástála Catagóire D1, agus leantóir le hollmheáchan feithicle de 1,400 kg ar a laghad, cumasach chun luais de 80 Km/h ar a laghad. Cuimseoidh urrann lastais an leantóra creatlach bosca dúnta atá ar a laghad 2 mhéadar ar leithead, 2 mhéadar in airde, le fad 2.4 méadar. **Ní foláir** don mheascán ollmheáchan feithicle nach bhfuil níos mó ná 12,000 kg. a bheidh aige, agus **ní féidir** le hollmheáchan feithicle an leantóra dul thar meáchan neamhualaithe na feithicle tarraingthe.
Catagóir W	Feithiclí oibre, agus tarracóirí talún	Feithiclí oibre agus tarracóirí talún.